

# Comhdháil Roinn na Gaeilge TCD 2023

## Athchuart ar *Silva Gadelica* / *Silva Gadelica* revisited

Dáta: Dé hAoine, 26 Bealtaine 2023

Ionad: Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide

### Beathaisnéisí na gcainteoirí agus achoimrí ar na cainteanna

#### Seisiún 1

**Caoimhín Breatnach:** Léachtóir sinsearach i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is ball de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann é. Tá suim faoi leith aige i litríocht agus teanga na Nua-Ghaeilge Moiche, i dtraidisiún na lámhscríbhinní Gaeilge agus sa litríocht apacrafúil.

#### '*Silva Gadelica*: Téacsanna, aistriúcháin agus cáipéisí pearsanta an eagarthóra'

Déanfar cur síos ginearálta sa léacht seo ar ghnéithe éagsúla de na téacsanna a chuir Ó Gráda in eagar in *Silva Gadelica* agus ar na haistriúcháin a dhein sé orthu. Ina theannta san, pléifear an léargas a thugann cáipéisí pearsanta áirithe de chuid an eagarthóra ar na gnéithe seo.

#### Seisiún 2

**Brianán Ní Bhuachalla:** Is mac léinn dochtúireachta í Brianán i Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha i gColáiste na Tríonóide. Baineann a cuid taighde PhD le *Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh*, téacs próis ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Tá sí ag obair ar eagrán criticiúil nua den téacs seo. Tá PhD Bhrianán maoinithe ag Scoláireacht Iarchéime ón gComhairle um Thaighde in Éirinn.

#### '*Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh*: Leagan malartach d'eipeasóid Uí Chonchubhair'

Sa pháipéar seo, déanfaidh mé iniúchadh ar eipeasóid amháin ón téacs *Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh*, nuair a théann príomhcharachtar an scéil, An Ceithearnach Caoilriabhach, ar cuairt chuig Ó Conchubhair Shligigh. Díol spéise a bhaineann leis an eipeasóid seo ná go bhfuil leaganacha éagsúla di ann.

Ar dtús, labhróidh mé faoin leagan tipiciúil a fhaightear in *Silva Gadelica*. Ansin, déanfaidh mé comparáid idir an leagan tipiciúil sin agus leagan malartach den eipeasóid atá sa lámhscríbhinn ARÉ 23 A 45 – an lámhscríbhinn is sine de ghrúpa beag lámhscríbhinní a thugann léiriú difriúil dúinn ar imeachtaí na heipeasóide. Ar deireadh, pléifidh mé an t-eagrán agus an t-aistriúchán den leagan malartach seo atá réitithe agamsa.

**Deirdre Nic Chárthaigh:** Léachtóir i Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha i gColáiste na Tríonóide is ea Deirdre Nic Chárthaigh. Tá spéis aici i litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche agus i dtraidisiún na lámhscríbhinní sa tréimhse iarchlasaiceach.

### **‘*Bodach an Chóta Lachtna*: eagrán agus atheagrán’**

Díreoidh mé sa chaint seo ar *Bodach an Chóta Lachtna*, scéal deireanach fianáíochta atá i measc na dtéacsanna a cuireadh in eagar in *Silva Gadelica*. Tabharfaidh mé spléachadh ar na heagrán agus ar na haistriúcháin éagsúla den scéal a cuireadh i gcló sa naoú haois déag agus san fhichiú haois, agus leagfaidh mé béim ar leith ar eagrán an Ghrádaigh, arb é an leagan is údarásaí a foilsíodh go nuige seo é. Déanfaidh mé plé ar an ngá atá le hathchuid a thabhairt ar na téacsanna in *Silva Gadelica*, agus déanfaidh mé cur síos ar ghnéithe den phróiseas a bhain le *Bodach an Chóta Lachtna* a chur in eagar an athuir.

**Meidhbhín Ní Úrdail:** Tá an tOllamh Meidhbhín Ní Úrdail ina Ceann ar an Nua-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Tá spéis ar leith aici in oidhreacht shaibhir lámhscríbhinní Gaeilge an ochtú agus an naoú céad déag. Ghnóthaigh an leabhar is déanaí dá cuid, *Pádraig Ó Laoghaire (1870–1896): an Irish scholar from the Béarra Peninsula* (2021), Duais Foilseacháin Scolártha ar Ardchaighdeán Acadúil ó Ollscoil na hÉireann. Toghadh ina ball d’Acadamh Ríoga na hÉireann í i Márta 2021.

### **‘*Leigheas Coise Chéin*: an téacs lámhscríofa agus a sheachadadh’**

Tá an scéal rómánsaíochta *Leigheas Coise Chéin* tagtha anuas chugainn in dhá lámhscríbhinn Ghaeilge, mar atá Egerton LS 1781 a breacadh i ndeireadh an chúigiú céad déag, agus ARÉ LS B iv 1 a chuir mórscríobhaí an seachtú céad déag Dáibhidh Ó Duibhgeannáin le chéile sna blianta 1671–1674. Mar le Cian ina theideal, is ionann é agus Cian mac Maoil Mhuaidh, cliamhain Bhriain Bhóraitimhe. Pearsa stairiúil a bhí suas in Éirinn i dtús an aonú céad déag is cás anseo linn, más ea, ach ar dhein pearsa liteartha de i ndomhan osnádúrtha an scéil rómánsaíochta seo.

### Seisiún 3

**Ann Dooley:** Professor Emerita Ann Dooley, is a graduate of University College Dublin and the University of Toronto. For many years she taught in and directed the Celtic Studies Program at the University of Toronto and taught Old Irish at the Graduate Centre for Medieval Studies, University of Toronto. Her research has covered early Irish saga, *Acallam na Senórach*, and also bardic poetry.

### **‘On the hill where Troy once stood: Standish Hayes O’Grady’s Fenian epic’**

In this paper, I will discuss the challenge of translating *Acallam na Senórach*. I will put O’Grady’s translation into historical context, and I will end my talk with a brief postscript on the challenges that I and Harry Roe had in translating this text.

**Christina Cleary:** Christina Cleary is currently a Postdoctoral Research Fellow on the AHRC-funded project 'A Chronology of the Medieval Irish Lexicon' at Queen's University Belfast, where she is assisting in the addition of dates to textual citations on the online Dictionary of the Irish Language, eDIL. Christina has lectured in Old and Middle Irish at Trinity College Dublin and Uppsala University, Sweden. Her forthcoming monograph on the Middle Irish Commentary to the *Amrae Coluimb Chille* 'The Eulogy of Columb Cille' is currently in preparation for publication, as is her handbook on the *Remscéla Tána Bó Cúailnge* 'The Prefatory Tales of the *Táin Bó Cúailnge*'. She is a member of the working group of the Léamh team, a site dedicated to the promotion of learning Early Modern Irish, as well as reading manuscripts produced during this period.

### **'A marriage headed for disaster: the case of A(m)bacuc'**

The final text in Standish Hayes O'Grady's *Silva Gadelica*, which he edited from the Book of Leinster and titled *Echtra Ambacuc* 'The Adventure of Ambacuc', is an Early Irish anecdote about the divine beheading of a man by St Ciarán at the Fair of Tailtiu. Although brief, this story survives in two versions and in six manuscript sources ranging from the twelfth to the seventeenth century. Additionally, a *dindsenchus* poem ascribed to the eleventh-century poet Cúán úa Lothcháin (Met. Dinds. iv, p. 146–63) refers to the event and it is recorded in the annals under CS 544. This paper will provide a first examination of the date of the composition of the earliest recension of this tale, as well as an investigation of the literary significance of the trope of the living, penitent headless man who allegedly resided in Clonmacnoise in the sixth century.

#### Seisiún 4

**Breandán Ó Cróinín:** Tá Breandán Ó Cróinín ina Ollamh Comhlach agus ina Cheann Roinne i Roinn na Gaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Tá céimeanna MA agus PhD sa Nua-Ghaeilge aige ó Ollscoil Má Nuad. Chaith sé tamall mar léachtóir i Roinn na Ceiltise in Ollscoil Chaitliceach Lublin, An Pholainn, sarar bhog go cathair Luimní. Is iad na príomhspéiseanna taighde atá aige ná litríocht Ghaeilge na hochtú haoise déag, An Fhiannaíocht, nua-litríocht na Gaeilge, go háirithe nua-phrós na Gaeilge, agus litríocht agus teanga Chorca Dhuibhne. D'fhoilsigh An Sagart a eagrán de fhlíocht Phiaraís Mhic Gearailt sa bhliain 2015.

### ***Bruiden bheg na hAlmáine: Lámhscríbhinní, eagrán agus téamaí***

Fé mar is eol go maith do dhaoine, dob é Staindis Ó Grádaigh a chuir an chéad eagrán den dtéacs Fiannaíochta, *Bruidhean Bheag na hAlmhaine*, i gcló in *Silva Gadelica* sa bhliain 1892, fara le haistriúchán Béarla. Ina dhiaidh sin, áfach, foilsíodh trí eagrán eile, in *Irisleabhar Mhuighe Nuadhad* (1906/7), in *Gadaidhe Géar na Geamhoidhche* (1915) agus in *Trí Bruidhne* (1943). Sa pháipéar so déanfar plé ar na heagrán dhifriúla ar fad, agus ar fhoinsí an téacsa sna lámhscríbhinní, is déanfar cíoradh ar na

príomhthéamaí atá le haithint ann féachaint an féidir buile fé thuairim a thabhairt mar le haidhmeanna an údair a chum an téacs an chéad lá riamh.

**Liam Mac Cóil:** Scríbhneoir agus criticeoir é Liam Mac Cóil arb é an t-úrsceál staire, *Bealach na Spáinneach* (Leabhar Breac, 2019), an leabhar is déanaí leis. Tá cónaí air i nGaeltacht Ráth Chairn. Le tamall de bhlianta anuas, tá sé ag iarraidh eolas a chur le chéile faoi chnoc Tlachta atá in aice le Ráth Chairn agus gan ach cúpla ciliméadar óna theach cónaí féin.

### **Silva est mundus agus deireadh an domhain**

Tá an chaint seo bunaithe ar staidéar atá ar bun ag an gcainteoir le tamall de bhlianta anuas ar ghnéithe de stair áitiúil Ráth Chairn. Tosaíonn an cosán taighde ar bharr chnoc Tlachta, in aice le Ráth Chairn agus leantar cúpla cosán difriúil ina dhiaidh sin, idir sheachbhealaí agus bealaí móra, go dtagtar, gan mórán moille, go dtí *Silva Gadelica*. Pléifear an tábhacht a bhaineann le *Silva Gadelica* mar fhoinsé agus mar threoir, ó thaobh an taighde seo de, agus déanfar tagairt do na deacrachtaí a bhaineann leis mar leabhar agus do ghnéithe dá chur i láthair. Díreofar ansin ar aon téacs amháin sa leabhar, mar atá, 'Betha Mhaighnenn'. Labhrófar beagán faoin mír sin, faoin gcruth atá air, faoin lámhscríbhinn as ar tógadh í, Egerton 91, agus faoi na ceistanna a mhúsclaíonn sí maidir leis an taighde atá idir lámha.

**Eiléan Ní Chuilleanáin:** Rugadh í i gCorcaigh i 1942. File agus Ollamh gradaim le Béarla i gColáiste na Tríonóide is ea í. Ceapadh í mar Ollamh Filíochta Éireann (2016-19). Bhunaigh sise, mar aon le Leland Bardwell, Macdara Woods agus Pearse Hutchinson, an iris liteartha *Cyphers*. Tá aon leabhar déag filíochta foilsithe aici i mBéarla, mar aon le haistriúcháin filíochta ó theangacha éagsúla, agus aistí acadúla. D'aistrigh sí dánta Antonella Anedda go Gaeilge (Cois Life, 2019). Foilsíodh *Collected Poems* (Gallery Press) i 2020.

### **'An laoch agus an léitheoir'**

Tháinig *Silva Gadelica* amach ag nóiméad an-spéisiúil i stair cultúir na hÉireann, uair a bhí leabhair léannta, filíocht agus scríbhneoireacht faoi bhéaloideas á bhfoilsíú is ag meascadh le chéile in intinn an léitheora. Bhí na himeachtaí cultúrtha á gcomhcheangal leis an ngluaiseacht pholaitiúil, agus fíís nua stairiúil á léiriú. Is ar shaothar Yeats agus Lady Gregory a bhí mar ceannródaithe san athnuachan a bheidh mé ag díriú m'aire, go h-áirithe ar na roghanna a dheineadar faoi stíl, traidisiúin agus gáirsiúlacht. Ach do mhair tionchar an leabhair i bhfad i ndiaidh ré na hathbheochana, is tá sé le feiscint go soiléir fós i saothar Fhlainn Uí Bhriain. An bhuncheist, is cosúil, is é: conas is féidir athmhuintearas a dhéanamh idir scéalta ón saol ársa agus cúraimí an lae inniu? Agus cén fáth go mbeadh sin oiriúnach? An cheist chéanna, dar liomsa, a bhí á cur ag údar *Agallaimh na Seanórach*, ag Gregory agus ag James Joyce is Eimar O'Duffy.